Council of the European Union

Brussels, 20 January 2026

16862/25

Interinstitutional File:
2011/0202(COD)

JUR 856
EF 423
ECOFIN 1749
CODEC 2144

**LEGISLATIVE ACTS AND OTHER INSTRUMENTS: CORRIGENDUM/RECTIFICATIF**

| | |
|---|---|
| Subject: | Regulation (EU) No 575/2013 of the European Parliament and of the Council of 26 June 2013 on prudential requirements for credit institutions and investment firms and amending Regulation (EU) No 648/2012<br>*(Official Journal of the European Union L 176 of 27 June 2013)* |

LANGUAGE concerned: **GA**

PROCEDURE APPLICABLE (according to Council document R/2521/75):

— Procedure 2(b) (obvious errors in one language version)

This text has also been transmitted to the European Parliament.

TIME LIMIT for the observations by Member States: 8 days

**OBSERVATIONS to be notified to: dql.rectificatifs@consilium.europa.eu**

**(DQL RECTIFICATIFS (JUR 7), Directorate Quality of Legislation, Legal Service)**

# CEARTÚCHÁN

## ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 176 an 27 Meitheamh 2013)*

1. Ar leathanach 24, in Airteagal 4, mír 1, pointe (81)

*in ionad:*

‘(81) Ciallaíonn ‘creidmheasanna onnmhairiúcháin a fhaigheann tacaíocht oifigiúil’ iasachtaí nó creidmheasanna chun onnmhairiú earraí agus seirbhísí a mhaoiniú a sholáthraíonn gníomhaireacht chreidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúil ráthaíochtaí, árachas nó maoiniú díreach ina leith;’,

*léitear:*

‘(81) Ciallaíonn ‘creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil’ iasachtaí nó creidmheasanna chun onnmhairiú earraí agus seirbhísí a mhaoiniú a sholáthraíonn gníomhaireacht chreidmheasa onnmhairiúcháin oifigiúil ráthaíochtaí, árachas nó maoiniú díreach ina leith;’.

2. Ar leathanach 88, i Roinn 3, Foroinn 3, Airteagal 137, mír 1, pointe (a)

*in ionad:*

'(a) is scór priacal na coitiantachta é ó Ghníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin atá rannpháirteach sa 'Socrú maidir le Treoirlínte do Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin a Fhaigheann Tacaíocht Oifigiúil' de chuid an ECFE;',

*léitear:*

'(a) is scór riosca na coitiantachta é ó Ghníomhaireachtaí Creidmheasa Onnmhairiúcháin atá rannpháirteach sa 'Socrú maidir le Treoirlínte do Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin a dTacaítear leo go hOifigiúil' de chuid an ECFE;'.

3. Ar leathanach 254, i gCuid a Seacht, Airteagal 429, mír 10, pointe (b)

*in ionad:*

'(b) is ionann agus 20 % an fachtóir coinbhéartachta maidir le hítimí meánphriacal/íosphriacal atá lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann le trádáil dá dtagraítear i mír 3(a) d'Iarscríbhinn I agus maidir le hítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann le maoiniú onnmhairiúcháin a fhaigheann tacaíocht oifigiúil dá dtagraítear i mír 3(b)(i) d'Iarscríbhinn 1; Is téarma sainithe é in Airteagal 4 "creidmheasanna onnmhairiúcháin a bhfuil tacaíocht oifigiúil acu"]',

*léitear:*

'(b) is ionann agus 20 % an fachtóir coinbhéartachta maidir le hítimí meánriosca/íosriosca atá lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann le trádáil dá dtagraítear i mír 3(a) d'Iarscríbhinn I agus maidir le hítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann le creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil dá dtagraítear i mír 3(b)(i) d'Iarscríbhinn 1; Is téarma sainithe é in Airteagal 4 "creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil"]'.

4. Ar leathanach 254, i gCuid a Seacht, Airteagal 429, mír 10, pointe (c)

*in ionad:*

‘(c) is ionann agus 50 % an fachtóir coinbhéartachta maidir le hítimí meánphriacal maoiniúcháin atá lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann le trádáil dá dtagraítear i bpointe 2a agus i bpointe 2(b)(i) d'Iarscríbhinn I agus maidir le hítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann le creidmheasanna onnmhairiúcháin a fhaigheann tacaíocht oifigiúil dá dtagraítear i bpointe 2(b)(ii) d'Iarscríbhinn I;.’,

*léitear:*

‘(c) is ionann agus 50 % an fachtóir coinbhéartachta maidir le hítimí meánriosca maoiniúcháin atá lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann le trádáil dá dtagraítear i bpointe 2a agus i bpointe 2(b)(i) d'Iarscríbhinn I agus maidir le hítimí atá lasmuigh den chlár comhardaithe a bhaineann <u>le creidmheasanna onnmhairiúcháin a dtacaítear leo go hoifigiúil dá</u> dtagraítear i bpointe 2(b)(ii) d'Iarscríbhinn I;.’.